

Spórt i nGCM

Tá clú agus cáil ar Ghaelcholáiste na Mara maidir le cúrsaí spóirt. Laistigh de thréimhse réasúnta ghearr atá an scoil ar an bhfód, tá traidisiún thar a bheith láidir leagtha síos againn. Is cuid lárnach den oideachas iomlánaíoch a fhaigheann buachaillí agus cailíní sa Ghaelcholáiste é an spórt, agus creidimid go láidir go gcuireann sé go mór le forbairt phearsanta, shóisialta agus fhisiciúil na ndaltaí.

Is iad na cluichí Gaelacha agus sacar na spóirt is rathúla go dtí seo i stair na scoile. Bíonn foirne na scoile i bpeil Ghaelach agus i sacar an-iomaíoch i gcomórtais ag leibhéal an chontae agus ag leibhéal Laighean.

Ó thaobh sacair de, bhain Gaelcholáiste na Mara bua Chluiche Ceannais na hÉireann Sinsir Scoile amach in 2023, chomh maith le Craobh Laighean a bhuachaint sé huair le roinnt blianta anuas. Ina theannta sin, éiríonn leis na foirne go rialta i gcomórtais áitiúla.

Sa pheil Ghaelach agus san iománaíocht/camógaíocht, tá buachaillí agus cailíní na scoile tar éis comórtais Chontae Chill Mhantáin agus comórtais Laighean a bhuachaint, rud a léiríonn ardchaighdeán agus tiomantas na scoláirí.

Cé go bhfuilimid an-rathúil sa spórt, cuirimid béim mhór sa scoil seo ar dheiseanna a chur ar fáil do gach dalta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, beag beann ar leibhéal cumais. Cuireann an cur chuige seo le cultúr dearfach, cuimsitheach scoile agus spreagtar spiorad pobail láidir i measc na scoláirí.

Bíonn réimse leathan spóirt ar fáil, ina measc:

- Peil Ghaelach
- Iománaíocht
- Camógaíocht
- Sacar
- Lúthchleasaíocht
- Rugbaí
- Seóléimneach
- Snámh
- Galf
- Cispheil

Trí rannpháirtíocht sa spórt, forbraíonn na daltaí scileanna sóisialta tábhachtacha, obair foirne, ceannaireacht agus féin-mhuinín. Gan dabht, is scileanna iad seo a sheasfaidh leo amach anseo sa saol, agus iad ag fás mar dhaoine iomlána, gníomhacha agus rannpháirteacha sa phobal.